


# Tráth 1: **Teaghlaigh an Dóchais**

## Samhain 2017

**Tráth 1: Teaghlaigh an Dóchais.** Tá an smaoineamh seo fréamhaithe sa chreideamh atá ionainn maidir leis an ngealltanas a thug Íosa dúinn nuair a dúirt sé: 'Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé' (Eoin 11:25–6). Creidimid mar Chríostaithe nach bhfuil sa bhás ach deireadh ré agus go n-athaontófar sa beatha shíoraí le hÍosa ina dhiaidh sin muid.

Meabhraítear a leithéid dúinn i litir An Phápa Proinsias *Amoris Laetitia* (*Lúcháir an Ghrá*), a thugann léargas dúinn maidir leis an ngrá i measc an teaghlaigh. Is é an dóchas cuid bhunúsach den ghrá seo.

> Is sa chomhthéacs seo a thuigimid tábhacht an dóchais Chríostaí toisc go nglactar leis go mbeidh beatha eile romhainn i ndiaidh an bháis. Tá áit ann do chách, is cuma cad iad na lochtanna a bhaineann leo, i mbeatha shíoraí iomlán ar Neamh. Cuirfear claochlú orainn trí aiséirí Chríost, agus cuirfear deireadh le gach aon locht, gach dorchacht, gach tinneas. Lonróidh maitheas an uile dhuine amach go hálainn glan glé. Má thuigimid an teachtaireacht seo i gceart, saorfar ón dearcadh ábharaíoch sinn, breathnóimid ar an duine eile mar neach osnádúrtha, trí shúile an dóchais, agus muid ag fanacht le foirfeacht na beatha síoraí, cé go gceiltear go fóill orainn é. (117)

### Do na Paróistí

Is féidir an obair seo a bheith ag réiteach le téamaí liotúirgeacha Mhí na Samhna, agus an liotúirge agus ceiliúradh an Aifrinn a bhaineann le Lá Fhéile na Marbh, agus muid ag cuimhneamh ar ár muintir a fuair bás. Is féidir an tseirbhís urnaí le leanaí nó le daoine óga a reáchtáil i suíomh paróisteach.

### Acmhainní:

- Acmhainní ábhartha ó: *An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile agus Bunscoile in Éirinn*
- Ceacht Sóisearach (Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó/P1–P4)
- Ceacht Sinsearach (Rang a Trí – Rang a Sé/P5–P7)
- Seirbhís Urnaí Cuimhneacháin



# An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile agus Bunscoile in Éirinn

**Ón gcuraclam ...**

### Leibhéal 1

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonaid:** An Bheatha Shíoraí

- Ba mhaith le Dia go mbeadh gach aon duine sona ar neamh leis go síoraí (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; CCC 1023)
- Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chun Dé (CCC 1020)

**Snáithe:** Urnaí agus Liotúirge

**Snáithaonaid:** Paidreacha Breise

- Paidir ar son na marbh/ar son na n-easlán

### Leibhéal 2

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonaid:** An Bheatha Shíoraí

- Gheall Íosa beatha úr ar domhan agus ar Neamh dúinn
- Seo ár gcreideamh: Nuair a fhaighimid bás glaoitear abhaile chun Dé orainn (CCC 1011)
- Is é plean Dé é go mairfimid le Dia, le hÍosa, Muire, na haingil is na naoimh ar Neamh tar éis bháis dúinn (CCC 1024)

**Snáithe:** Urnaí agus Liotúirge

**Snáithaonaid:** An Bhliain Liotúirgeach

- Ar Lá Fhéile na Marbh tugann an Eaglais na mairbh chun cuimhne agus guitear ar a son.

### Leibhéal 3

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonaid:** An Bheatha Shíoraí

- Is é toil Dé é go mbeadh cách ag maireachtáil go síoraí ar Neamh leis, toisc gur shlánaigh Íosa sinn (GS 18; CCC 1026)
- D'aiséirigh Íosa ina chorp féin agus chuaigh ar Neamh ionas go dtiocfaimis chuige leis an bheatha shíoraí a roinnt leis (CCC 666–7)
- Arsa an Tiarna Íosa, 'An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé' Bíonn súil ag na Críostaithe aiséirí agus beatha úr a chaitheamh le hÍosa aiséirithe. Tugtar 'An Bheatha Shíoraí' ar a leithéid (1 Cor 15:23–4)
- Díreach mar a d'éirigh Íosa go síoraí, tá an t-aiséirí i ndán dúinne chomh maith (CCC 1016; 1 Cor 15:54–7)
- Creideann na Críostaithe go bhfeicfidh siad aghaidh Dé agus bheith ina theannta tar éis bháis dóibh (1 Cor 13:12)

### Leibhéal 4

**Snáithe:** An Creideamh Críostaí

**Snáithaonaid:** An Bheatha Shíoraí

- An rud a bhí maith fiúntach ar domhan, mairfidh sé ar Neamh
- Cabhraíonn gach aon ghníomh cineálta, nó flaithiúil, nó cabhrach le ríocht Dé a thógáil
- Sonas Neimhe: a bheith ag maireachtáil le Dia i measc na naomh i ngaol eolach grámhar (CCC 1024, Féach: 1026–7)
- Aiséireoidh na mairbh (ar bhealach úr) ag deireadh ré (Aiséirí an Cholainn; Féach: LG 48; CCC 988–90, 1020)
- Creideann na Críostaithe go diongbháilte gur trí ghrásta agus trócaire Dé a slánaítear an dream a thug grá do Dhia agus daoine eile chomh maith, le beatha fhoirfe a chaitheamh leis ar Neamh (GS 18)
- Guíonn an Eaglais go slánófar cách (CCC 1058)
- Guitear ar son anamacha na marbh i bpurgadóir ar Lá Fhéile na Marbh agus ar feadh na bliana chomh maith
- Braitheann an Eaglais ar thrócaire Dé i leith na marbh. Guitear ar a son, tríd an Eocairist ach go háirithe

# Ceacht Sóisearach
## Naíonáin Shóisearacha–Rang a Dó (P1–P4)

**Nótaí don Oide**
**Tráth 1: Teaghlaigh an Dóchais.** Tugann an chuid seo le fios dúinn gur teaghlaigh lán de dhóchas atá i lucht leanúna Chríost. Mairimid go dóchasach ag súil le go gcomhlíonfar gealltanas Chríost maidir linn féin agus maidir lenár muintir a shlánú.

Geallann Íosa dúinn go dtiocfaidh lucht an chreidimh abhaile chuige ar Neamh nuair a chailltear iad. Tá ár muintir a fuair bás, ar Neamh leis faoi láthair, agus is féidir guí chucu, agus ar a son chomh maith. I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar ár gcairde agus ar ár ngaolta atá tar éis filleadh abhaile ar Neamh.

Tá scéal na beatha ar nós séasúir áille an domhain seo a bhronn Dia orainn. Bímid óg agus ag fás in Earrach na beatha, ag bláthú sa Samhradh, ag aibiú agus ag dul in aois san Fhómhar. Deir an Bíobla: 'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir' (Cóheilit 3:1).

**Nóta:** Caithfidh na hoidí a bheith tuisceanach discréideach ag déileáil leis an ábhar seo, i leith mhuintir an mharbháin fhíorghairid ach go háirithe.

**Cíor**
Téigh siar ar shéasúir na bliana leis na leanaí: An tEarrach, An Samhradh, An Fómhar, An Geimhreadh. Déan iniúchadh leis an rang ar fheiniméin na séasúr.

Eochaircheisteanna:

Cén séasúr atá ann faoi láthair?

- Cad é an t-eolas atá agat faoin séasúr seo?
- Cad iad na séasúir eile atá ann?
- Cad é an t-eolas atá agat faoin Earrach, faoin nGeimhreadh......?
- Cad iad na comharthaí timpeall orainn a thugann le fios cén séasúr atá ann?
- Conas mar atá an aimsir sna séasúir éagsúla?
- Cad a tharlaíonn do na crainn agus do na duilleoga sna séasúir éagsúla?



## Iniúchadh

Bíonn ceithre shéasúr ann, agus feiniméin éagsúla ag baint leo. Tabhair faoi deara san Fhómhar:

- Athraíonn dathanna na nduilleog ó ghlas go donn, órga, dearg, agus titeann siad ón gcrann. Téann ainmhithe áirithe ag geimhriú. Éiríonn an aimsir níos fuaire de réir a chéile, glacann an domhan scíth, é ag ullmhú don Gheimhreadh lom.
- I rith Mhí na Samhna, cuimhnímid ar ár muintir a fuair bás. Táid imithe ón domhan seo ach cuirfidh siad chun bóthair ar bheatha nua a chaitheamh le Dia ar Neamh, díreach mar a chaitear na duilleoga agus lobhann siad sa talamh an tráth seo bliana, ach go mbíonn na crainn faoi dhuilliúr arís nuair a thagann an tEarrach.
- Tuigimid mar lucht leanúna Chríost go mbíonn ár muintir a fuair bás ag maireachtáil le hÍosa ar Neamh. Díreach mar a bhíonn na crainn a bhí lom agus cuma marbh orthu sa Gheimhreadh faoi dhuilliúr arís nuair a thagann an tEarrach, mairfidh na mairbh arís le hÍosa ar Neamh. Beatha úr éagsúil a bheidh ann.

## Gníomhaíocht


I rith Mhí na Samhna, cuimhnímid ar ár muintir a fuair bás. Ar Lá Fhéile na Marbh déanann an Eaglais comóradh ar na mairbh, agus guitear ar a son. Le cúnamh Dé ní dhéanfar dearmad ar na daoine seo. Mar sin, agus muid ag súil leis go bhfuil siad ar dheasláimh Dé, scríobhfaimid ainm nó déanfaimid pictiúr a tharraingt ar na duilleoga ar an leathanach oibre, den duine dár mhuintir mhuirneach a fuair bás. B'fhéidir gur ball teaghlaigh a bhí ann, nó cara, comharsa, nó peata fiú.


Croch na duilleoga seo sa spás beannaithe. Is féidir iad a chrochadh ar chrann pota, nó is féidir pictiúr de chrann a mhaisiú leo.


# Tráth 1: **Teaghlaigh an Dóchais**

## Leathanach Oibre do na Sóisir









# Ceacht Sinsearach
## (Rang a Trí – Rang a Sé) (P5–P7)

**Nótaí don Oide**

**Tráth 1: Teaghlaigh an Dóchais.** Tugann an chuid seo le fios dúinn gur teaghlaigh lán de dhóchas atá i lucht leanúna Chríost. Mairimid go dóchasach ag súil leis go gcomhlíonfar gealltanas Chríost maidir linn féin agus maidir lenár muintir a shlánú.

Geallann Íosa dúinn go dtiocfaidh lucht an chreidimh abhaile chuige ar Neamh nuair a chailltear iad. Tá ár muintir a fuair bás ar Neamh leis faoi láthair, agus is féidir guí chucu, agus ar a son chomh maith. I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar ár gcairde agus ar ár ngaolta atá tar éis filleadh abhaile ar Neamh.

Bíonn sé deacair uaireanta glacadh le gealltanas Íosa, má chailltear gaol gairid linn b'fhéidir. Tuigimid a leithéid mar Chríostaithe nuair a bhreathnaímid ar mhíorúilt Íosa nuair a d'ardaigh sé Lazaras ó mhairbh. Déanfaimid iniúchadh ar an míorúilt seo agus ar an mbealach inar féidir linn i rith Mhí na Samhna ach go háirithe, cuimhneamh ar ár muintir mhuirneach a fuair bás.

Tá scéal na beatha ar nós séasúir áille an domhain seo a bhronn Dia orainn. Bímid óg agus ag fás in Earrach na beatha, ag bláthú sa Samhradh, ag aibiú agus ag dul in aois san Fhómhar. Deir an Bíobla: 'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir' (Cóheilit 3:1).

**Nóta:** Caithfidh na hoidí a bheith tuisceanach discréideach ag déileáil leis an ábhar seo, i leith mhuintir an mharbháin fhíorghairid ach go háirithe.

**Iniúchadh**

Déan an tuiscint atá againn mar Chríostaithe ar an méid a tharlaíonn má fhaighimid féin nó duine dár muintir bás a phlé. Cén áit a dtéimid? Cad a tharlaíonn ag an tórramh?

**Nóta:** 'Creidimid go gcuireann Dia glao ar Neamh orainn nuair a fhaighimid bás' (CCC 1011); Is é plean Dé é go mairfimid le Dia, le hÍosa, Muire, na haingil is na naoimh ar Neamh tar éis bháis dúinn '(CCC 1024).

Is cuma an gaol, nó cara nó peata a fuair bás, am deacair dá mhuintir mhuirneach atá ann.

Geallann Íosa dúinn go dtiocfaidh lucht an chreidimh abhaile chuige ar Neamh nuair a chailltear iad. Tá ár muintir a fuair bás ar Neamh leis faoi láthair, agus is féidir guí chucu, agus ar a son chomh maith. I rith Mhí na Samhna agus ar Lá Fhéile na Marbh (2 Samhain), cuimhnímid ar ár gcairde agus ar ár ngaolta atá tar éis filleadh abhaile ar Neamh.

**Iniúchadh**

Foghlaimímid faoi ghealltanas Íosa  ón scéal atá le léamh i Soiscéal Naomh Eoin faoi ardú Lazaras ó na mairbh.

Léigh faoin mhíorúilt seo in Eoin 11:1–44 nó léigh an leagan seo atá curtha in oiriúint do na daoine óga.

**Lazaras Beo Arís**

Ba chairde le hÍosa iad Lazaras ó Bheatáine, agus a bheirt deirfiúr, Máire agus Marta. D'éirigh Lazaras tinn. Chuir na deirfiúracha teachtaireacht chuig Íosa á rá: 'A Thiarna, féach, tá an té is ionúin leat tinn.' Nuair a chuala Íosa go raibh sé breoite, mar sin féin, d'fhan sé dhá lá mar a raibh sé. Ar theacht d'Íosa go Beatáine ina dhiaidh sin, fuair sé Lazaras agus é ceithre lá cheana féin sa tuama. Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. Dúirt Marta ansin le hÍosa: 'A Thiarna, dá mbeifeása anseo ní bhfaigheadh mo dhearthair bás. Arsa Íosa le Marta, "Éireoidh do dhearthair arís.' Ach níor thuig Marta an méid a bhí i gceist aige. Dúirt Íosa na focail thábhachtacha seo léi: 'Mise an t-aiséirí* agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé, agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche.'

Agus tháinig Íosa go dtí an tuama le Máire agus le Marta agus leis na caointeoirí; pluais a ba ea é agus liag ina luí lena bhéal. Dúirt Íosa: 'Aistrígí an liag.' D'ardaigh Íosa a shúile agus ghuigh chun an tAthair. Ansin ghlaoigh sé de ghlór ard: 'A Lazaras, tar amach!' Agus tháinig an marbhán amach agus éadaí báis fillte air. Dúirt Íosa leo: 'Scaoiligí é agus ligigí chun siúil é.' Ansin de bharr na míorúilte, a lán a chonaic a ndearna sé, chreid siad ann.

**Aiséirí*: *Beatha nua tar éis bháis*

### Gníomhaíocht

Scríobh cuntas ar an míorúilt amhail is go raibh tú i láthair, nó déan cur síos air mar thuairisc don *Phreas Críostaí*. (Leathanach Oibre – Naíonáin Shinsearacha).

### Obair Bhreise

Caith cúpla nóiméad ag smaoineamh ar, nó ag caint faoin duine de do mhuintir mhuirneach a fuair bás. B'fhéidir gur ball teaghlaigh a bhí ann, nó cara, comharsa, nó peata fiú.

Bain úsáid as na teimpléid duilleog ar an leathanach oibre a bhaineann leis na Naíonáin Shóisearacha agus scríobh ainm nó déan pictiúr a tharraingt de na daoine sin. Croch na duilleoga seo sa spás beannaithe. Is féidir iad a chrochadh ar chrann pota, nó is féidir pictiúr de chrann a mhaisiú leo.

# Tráth 1: Teaghlaigh an Dóchais

## Leathanach Oibre do na Sinsir

An Preas Críostaí

Fear éirithe ó mhairbh!



# Tráth 1: **Teaghlaigh an Dóchais**

## Seirbhís Urnaí

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó sa seomra urnaí. Ba mhaith an smaoineamh é cuireadh a thabhairt do bhaill an phobail áitiúil a bheith i láthair, an sagart paróiste nó séiplíneach na scoile chomh maith. Tabhair cuireadh do na tuismitheoirí agus seantuismitheoirí más gá.

### Ábhar don Spás Beannaithe



- Crann/Leabhar/Ciseán Cuimhneacháin
- Na teimpléid duilleog críochnaithe (Leathanach Oibre Naíonáin Shóisearacha)
- Scaraoid ghlas bhoird
- Coinneal
- Uisce Coisricthe
- Crois Chéasta

**Ceannaire:** Bail ó Dhia oraibh ar maidin. Cruinnímid lena chéile inniu le guí ar son ár muintir féin, ár gcairde, ár ngaolta, ár gcomharsana a fuair bás. Cuimhnímid ach go háirithe orthu i rith Mhí na Samhna agus muid ag meabhrú dúinn féin gur teaghlaigh an dóchais atá ionainn. Tá an dóchas ionainn go lonróidh solas sona na bhflaitheas go deo orthu ar fad ar Neamh.
Cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, an Mhic is an Spioraid Naoimh. Amen.

**Iomann Tosaigh:** 'Amhrán an Chruinnithe', *I nGrá Dé*, Rang a Dó/P4, l. 88.

**Ceannaire:** Cé go mbíonn cumha orainn i ndiaidh na ndaoine a fuair bás, tugaimid chun cuimhne inniu iad trí na hainmneacha a scríobh, nó pictiúir díobh a chur ar dhuilleoga urnaí, rudaí atá ag crochadh ar an gCrann Cuimhneacháin. (Nó d'fhéadfaí iad a chur i gciseán nó i leabhar cuimhneacháin.)
Tuigimid gur thug Íosa an dóchas agus an dea-scéala chugainn. Éistimis leis an dea-scéala anois.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Teasalónaigh.
Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbás chomh maith... ardófar chun siúil sinn...agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo.
Sin é Briathar Dé.

**Cách:** Buíochas le Dia.

**Ceannaire:** Guímid le chéile ar son na marbh. Is é an freagra ná: 'Solas na bhflaitheas chucu.''

**Cách:** Solas na bhflaitheas chucu.

**Léitheoir 2:** Guímid ar son na seantuismitheoirí a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 3:** Guímid ar son na dtuismitheoirí a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 4:** Guímid ar son na múinteoirí agus na baill fhoirne ón scoil seo a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 5:** Guímid ar son na sagart agus ar son phobal an pharóiste a fuair bás. (*Freagra*)

**Léitheoir 6:** Guímid orthu san a bhfuair bás nach bhfuil aon chuimhne orthu. (*Freagra*)

**Léitheoir 7:** Guímid ar son na ndaoine atá ainmnithe ar an gcrann cuimhneacháin. (*Freagra*)

**Ceannaire:** Tuigimid go raibh Íosa i gcónaí ag guí chun an tAthair ar Neamh. D'iarr sé orainne guí chun an tAthair chomh maith. De réir mar a dúirt Íosa, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Cách:** Ár nAthair …

**Ceannaire:** A Dhia ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as an saol a chaith an mhuintir mhuirneach atá imithe ar shlí na fírinne. Tabhair aire don chomhluadar atá go mór ina ndiaidh. Deonaigh go gcuimhneoimid ar an ngealltanas a thug tú dúinn go n-athaontófar lena chéile ar Neamh muid amach anseo. Déanaimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

**Cách:** Amen.

**Léitheoir 8: Dán/Aiséirí**
Cailleadh na duilleoga san Fhómhar, ach anois tá na crainn faoi dhuilliúr,
Tá comharthaí fáis ghrá Dé le sonrú ar fud na cruinne
Tugann siad le fios go bhfuil Íosa beo, nach é an bás an deireadh
Aiséireoimid i solas na bhflaitheas, beidh Íosa againn mar chara.

**Ceannaire:** In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

**Cách:** Amen.

**Iomann Scoir:** 'Cuimhnigh Orthu', *I nGrá Dé*, Naíonáin Shinsearacha/P2, l. 268.